

COP26

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi COP26. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal thíos a aimsiú?



1. comhdháil aeráide _____
2. milleán _____
3. gníomh fóna _____
4. ceannaire domhanda _____
5. faoi shodar _____
6. an bonn a bhaint de _____
7. go sonrach _____
8. aitheasc _____
9. ardú teochta _____
10. breoslaí iontaise _____
11. srian a chur ar _____
12. a bheith thíos le _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cá mhéad ceannaire domhanda a bhí ag an gcomhdháil?
2. Cad iad na tíortha cumhachtacha nach bhfuil i láthair?
3. Cad nach féidir le haon duine a shéanadh anois?
4. Cad a bhí le rá ag Liz Coleman?
5. Cé as an lucht léirsithe atá ag an gcomhdháil?

Ceist 3 Cén leagan de na briathra seo a leanas a bhí le cloisteáil sa mhír?

comhaontaigh
truailligh
téigh (*heat*)
maolaigh
tuirling
seachain
séan
sáraigh

Cuir na briathra in abairtí anois lena mbrí a léiriú.

Ceist 4 ‘...boic mhóra...’

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘mór’ sa sampla thuas?
2. Cuir na samplaí thíos san uimhir iolra:

teach beag: _____
fear dathúil: _____
socrú tábhachtach: _____
cruinniú leadránach: _____
léacht shuimiúil: _____
gluaisteán gorm: _____
buidéal bán: _____
bord donn: _____
teorainn dhainséarach: _____

Ceist 5 ‘...Uachtarán na Rúise...’

Líon na bearnaí sa tábla thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

An Rúis	Uachtarán na Rúise	Rúiseach
An Fhrainc	aimsir __ _____	
	muintir__ _____	Éireannach
	beoir na Gearmáine	
An tSín	méid __ _____	
	cultúr __ _____	Seapánach
	bia na hAraibe Sádaí	

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén tábhacht a bhaineann leis an gcomhdháil seo?
2. Cén fáth nach raibh an tSín ná an Rúis ag freastal ar an gcomhdháil agus an cuma nach raibh siad ann?
3. Cad í an ghné den ghéarchéim aeráide is mó a chuireann inní ort féin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|------------------------|--------------------------------------|
| 1. comhdháil aeráide | <i>climate conference</i> |
| 2. milleán | <i>fault</i> |
| 3. gníomh fónta | <i>proper action</i> |
| 4. ceannaire domhanda | <i>world leader</i> |
| 5. faoi shodar | <i>in a hurry</i> |
| 6. an bonn a bhaint de | <i>to destabilise</i> |
| 7. go sonrach | <i>specifically</i> |
| 8. aitheasc | <i>speech</i> |
| 9. ardú teochta | <i>temperature increase</i> |
| 10. breoslaí iontaise | <i>fossil fuels</i> |
| 11. srian a chur ar | <i>impede</i> |
| 12. a bheith thíos le | <i>to suffer the consequences of</i> |

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

comhaontaigh – *comhaontú*
 truailligh – *truailliú*
 téigh (heat) – *a théamh*
 maolaigh – *a mhaolú*
 tuirling – *tuirlingt*
 seachain – *ag seachaint*
 séan – *a shéanadh*
 sáraigh – *sárófar*

Ceist 4

1. Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir iolra.
2. Cuir na samplaí thíos san uimhir iolra:

teach beag:	<i>tithe beaga</i>
fear dathúil:	<i>fir dhathúla</i>
socrú tábhachtach:	<i>socruithe tábhachtacha</i>
cruinniú leadránach:	<i>cruinnithe leadránacha</i>
léacht shuimiúil:	<i>léachtaí suimiúla</i>
gluaisteán gorm:	<i>gluaisteáin ghorma</i>
buidéal bán:	<i>buidéil bhána</i>
bord donn:	<i>boird dhonna</i>
teorainn dhainséarach:	<i>teorainneacha dainséaracha</i>

Ceist 5

An Rúis	Uachtarán na Rúise	Rúiseach
An Fhrainc	aimsir na Fraince	Francach
Éire	muintir na hÉireann	Éireannach
An Ghearmáin	beoir na Gearmáine	Gearmánach

An tSín	méid na Síne	Síneach
An tSeapáin	cultúr na Seapáine	Seapánach
An Araib Shádach	bia na hAraibe Sádaí	Duine ón Araib Shádach

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Ag comhdháil aeráide COP26 i nGlaschú, dúirt Príomh-Aire na Breataine, Boris Johnson, go mbeadh milleán mór ag glúnta amach anseo ar pholaiteoirí na linne seo mura ndéantar gníomh fóna anois. Tá breis is 120 ceannaire domhanda i láthair ag an gcomhdháil. Níl Uachtarán na Síne ná Uachtarán na Rúise ina measc.

Maolra M. Mac Donnchadha

Fiú agus Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá agus boic mhóra eile chumhachtaí an Iarthair ag rá go bhfuil siad i ndáiríre faoi theacht ar chomhaontú domhanda leis an sodar atá faoin truailliú agus faoi théamh na cruinne a mhaolú, tá an bonn á bhaint dá gcuid iarrachtaí. Toscairí as 120 rialtas atá tar éis tuirlingt i nGlaschú.

Dúirt Joe Biden gur cheart go mbeadh gach uile cheann de na tíortha móra ag obair as lámha a chéile, ach tharraing sé aird go sonrach ar an tSín, an Rúis agus an Araib Shádach atá ag seachaint na comhdhála. Níl Uachtarán na Síne, Xi Jinping, le haitheasc ar fhíseán fiú a thabhairt, in ainneoin an taighde leanúnaigh nach féidir a shéanadh idir eolaithe faoin gcontúirt mhór go sárófar an chéim go leith Celsius d'ardú teochta atá romhainn anois.

Gearóid Jennings, Ollamh le Fisic

Tá an clog ag bualadh. Mar tá na leibhéil ag ardú an t-am uilig. Tá sé ríthábhachtach agus tá súil agam go mbeidh siad in ann socrú ar rudaí a dhéanamh chun leibhéal *fossil fuels*¹ a laghdú mar shampla. Sa tír seo is féidir linn a bheith ag brath níos mó ar² fhoinsí nádúrtha, mar shampla an ghaoth.

Liz Coleman, Aeráideolaí

Táimid ag súil go bhfeicimid geallúint³ ag teacht as COP26 agus go mbeimid in ann athruithe a chur in iúl agus a dhéanamh chun ár dtimpeallacht áitiúil agus dhomhanda a chaomhnú. Tá an eolaíocht againn anois, ach tá súil agam i ndiaidh COP26, go mbeidh an spreagadh polaitiúil againn chun srian a chur ar athrú aeráide.

Maolra M. Mac Donnchadha

Tá lucht eolaíochta agus lucht léirsithe tagtha go tréan chuig COP26 as réigiúin ar fud na cruinne atá thíos leis an téamh mór agus le hathrú na haeráide. Ach gan cuid de na pearsana polaitiúla is mó cumhacht ar domhan ann, ní fios cén tairbhe a bheas in aon socrú.

Maolra M. Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

¹ *breoslaí iontaise* an téarma Gaeilge

² *níos mó breithiúnais a bheith againn* a dúradh

³ *gealltanais* an leagan caighdeánach